# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2015

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 Marc)**

DÉ MÁIRT 9 MEITHEAMH 2015 – TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.00

- Gabhann 40 marc le **GACH** ceist.
- Freagair **CEITHRE** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar obair, ar leagan amach agus ar chur i láthair, agus i gcás fóiliónna agus dátaí de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

| 1. | **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Is gnólacht earraí leictreacha é GEAL Teo. Rinne sé idir bhearta creidmheasa agus bhearta airgid síos le linn mhí na Bealtaine 2015.

**(A)** Déan na bearta creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na nDíolachán agus i Leabhar na gCeannachán de chuid GEAL Teo. do mhí na Bealtaine 2015.

Breac na figiúiri ábhartha ó na leabhair sna Cuntais Mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 01/5/2015 | Dhíol earraí ar cairde le VATA Teo. | Sonrasc Uimh. 20 | €44,000 + CBL 23% |
| 10/5/2015 | Cheannaigh earraí ar cairde ó MAOL Teo. | Sonrasc Uimh. 91 | €26,000 + CBL 23% |
| 19/5/2015 | Dhíol earraí ar cairde le VATA Teo. | Sonrasc Uimh. 21 | €37,000 + CBL 23% |

(14)

**(B)** Déan na Bearta seo a leanas do mhí na Bealtaine 2015 a thaifeadadh i Leabhar Airgid Anailísithe GEAL Teo.

Breac na figiúirí ábhartha sna Cuntais Mhórleabhair.

**Nóta**: Bain úsáid as na ceannteidil airgid seo a leanas san anailís ar na bearta bainc:

**Taobh an Dochair (Fáltais)**: Banc Díolacháin CBL Féichiúnaithe Scairchaipiteal

**Taobh an tSochair (Íocaíochtaí)**: Banc Ceannacháin CBL Pá

| | | | |
|---|---|---|---|
| 07/5/2015 | D'infheistigh scairshealbhóir €105,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 6 |
| 12/5/2015 | Ceannacháin le hathdhíol | Seic Uimh. 30 | €25,000 + CBL 23% |
| 17/5/2015 | D'íoc pá | Seic Uimh. 31 | €27,000 |
| 28/5/2015 | D'íoc VATA Teo. €75,000 agus lóisteáladh é | | Admháil Uimh. 7 |
| 31/5/2015 | Lóisteáladh díolacháin | | €25,830 (€21,000 + CBL €4,830) |

(16)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 31 Bealtaine 2015 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(10)
**(40 marc)**

| 2. | **Ceist í seo a bhaineann le Ceannacháin ar Cairde, Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** (i) Baineann gnólachtaí úsáid as Luachana, Orduithe, Litreacha Gearáin agus as Nótaí Creidmheasa nuair a bhíonn siad ag ceannach agus ag díol earraí.

Ainmnigh **dhá dhoiciméad eile** a úsáideann gnólachtaí nuair a cheannaíonn siad agus nuair a dhíolann siad earraí.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a dtabharfadh gnólachtaí lascaine airgid dá gcustaiméirí.

(10)

**(B)** Ar 10 Bealtaine 2015 fuair GB Teo., An Bealach Thiar, Trá Lí, Co. Chiarraí, cuideachta soláthairtí ceolchoirme, Luachan Uimh. 31 ó CP Teo., Bóthar na Páirce Glaise, An Cabhán, Co. an Chabháin do na hearraí seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| 100 péire bróg | @ | €55 an péire |
| 200 hata gréine | @ | €12 an ceann |
| 250 cóta báistí ilchineálach | @ | €30 an ceann |
| 200 mata plaisteach | @ | €20 an ceann |

Bhí Lascaine Thrádála 30% agus CBL 23% luaite ar an luachan.

Glacadh leis an luachan do na bróga, na hataí gréine agus do na mataí plaisteacha agus chuir GB Teo. ordú isteach dóibh ar 22 Bealtaine 2015.

(i) Glac leis gur tusa Gráinne Ní Bhrua, bainisteoir ceannachán GB Teo. Comhlánaigh Foirm Ordaithe Uimh. 11 *ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Cén **dá** nós imeachta a mholfá do GB Teo. nuair a bhíonn siad ag próiseáil orduithe le cur amach?

(12)

**(C)** Fuair GB Teo. na hearraí ar 7 Meitheamh 2015. Ar scrúdú na n-earraí do Ghráinne, fuair sí amach go raibh caoga cinn de na mataí plaisteacha stróicthe. Rinne sí gearán le CP Teo. a thoiligh Nóta Creidmheasa (Uimh. 22) i leith an chaoga mata plaisteach a seoladh chuici.

(i) Comhlánaigh an Nóta Creidmheasa Uimh. 22 ar an 9 Meitheamh 2015 *ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(ii) Déan eisiúint an Nóta Creidmheasa a thaifeadadh i Leabhar Aischur Isteach CP Teo. *ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(18)
**(40 marc)**

| 3. | **Baineann an cheist seo le Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid agus le Tionscnamh Gnólachta**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

**(A)** *Ar an mbileog ar leith a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo tá Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid pháirt-chomhlánaithe* i gcomhair LALA Teo., gnólacht nuathionscanta atá i mbun troscán tí a dhéanamh.

Iarrtar ort an Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid seo a chomhlánú do na míonna seo - Meitheamh, Iúil, Lúnasa agus Meán Fómhair 2016 - agus colún na n-iomlán chomh maith.

Ba cheart an t-eolas seo a leanas a chur san áireamh:

- Meastar go dtiocfaidh méadú de 30% ar na Díolacháin Mhíosúla ar Airgead Síos, ag tosú i mí Mheán Fómhair.
- Tá súil le hinfheistíocht de €190,000 ó na scairshealbhóirí i mí Iúil.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 22% ar chostais solais agus teasa i mí Lúnasa, costais atá iníoctha gach dara mí.
- Meastar go bhfanfaidh méid an phá mar atá, ach amháin i mí Lúnasa nuair a íocfar 12.5% sa bhreis mar bhónais.
- Ceannófar innealra nua a chosnóidh €100,000 i mí Lúnasa.
- Tiocfaidh deireadh le haisíocaíochtaí na hiasachta i ndiaidh mhí Iúil.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 25% ar na Ceannacháin Mhíosúla ar Airgead Síos i mí Mheán Fómhair.
- Meastar go dtiocfaidh méadú de 15% ar chostais iompair i mí Mheán Fómhair.

(28)

**(B)** (i) *Ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo* mínigh **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach go n-ullmhódh LALA Teo. Réamhaisnéis Sreabhadh Airgid.

(ii) Moladh do LALA Teo. fosta Plean Gnó a ullmhú. *Ar an mbileog a cuireadh ar fáil leis an bpáipéar seo* mínigh aon **dá cheann** de na ceannteidil seo a leanas a bhaineann le Plean Gnó, agus tabhair samplaí cuí sa dá chás:

Táirge

Taighde Margaidh

Promóisean (Cur Chun Cinn) Díolachán

Airgeadas.

(12)
**(40 marc)**

| 4. | **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus le Clár Comhardaithe**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair LVG Teo., cuideachta spóirt, ar an 31 Nollaig 2014. Is é 380,000 gnáthscair ar €1 an ceann an Scairchaipiteal Údaraithe.

| **COMHARDÚ TRIALACH LVG Teo.**<br>**ar an 31 Nollaig 2014** | **Dr**<br>**€** | **Sr**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus díolacháin | 190,000 | 353,000 |
| Stoc tosaigh 01/01/2014 | 30,000 | |
| Carraeireacht isteach | 5,000 | |
| Coimisiún infhála | | 6,000 |
| Fógraíocht | 14,000 | |
| Drochfhiacha | 7,000 | |
| Pá | 64,000 | |
| Díbhinní íoctha | 25,000 | |
| Cúlchistí (comhardú brabúis agus caillteanais) | | 12,000 |
| Innealra | 181,000 | |
| Veaineanna mótair | 89,000 | |
| Airgead tirim | 3,000 | |
| Banc | 27,000 | |
| Feichiúnaithe agus creidiúnaithe | 22,000 | 16,000 |
| Iasacht 30 bliain | | 30,000 |
| Scairchaipiteal eisithe | | 240,000 |
| | 657,000 | 657,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála**, **Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** LVG Teo. a ullmhú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 agus **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Nollaig 2014.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc deiridh | €23,000 |
| (ii) | Coimisiún infhála dlite | € 2,000 |
| (iii) | Fógraíocht réamhíoctha | € 3,000 |
| (iv) | Pá dlite | € 4,000 |
| (v) | Dímheas: | Innealra 15% |
| | | Veaineanna mótair 12% |

(35)

**(B)** Mínigh an téarma **'**Carraeireacht isteach' atá sa chomhardú trialach thuas.

(5)

**(40 marc)**

| 5. | **Ceist í seo a bhaineann leis an Slabhra Táirgeachta, le hAirgeadas agus le Baincéireacht.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Is cuideachta phríobháideach theoranta í R&M Éireann Teo. a bunaíodh in 2012. Cuireann siad cúrsaí sa bhainistíocht agus i modhanna traenála ar fáil d'oifigigh ó chlubanna spóirt in Éirinn agus san Aontas Eorpach.

**(A)** (i) I do fhreagarleabhar, luaigh ón liosta seo thíos cé acu ceann de na hearnálacha sa gheilleagar a bhfuil R&M Éireann Teo. ag obair inti:

**Príomhúil** **Déantúsaíocht** **Seirbhísí**

Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

(ii) Luaigh **dhá** chineál eile gnólachtaí a oibríonn san earnáil chéanna den gheilleagar le R&M Éireann Teo.

(10)

De bharr go bhfuil méadú tagtha ina ngnó tá iasacht €45,000 ó R&M Éireann Teo. chun carr nua a cheannach. Chomh maith leis sin, tá airgeadas fadtéarmach breise uathu i gcomhair fairsingiú sa todhchaí.

Chonaic stiúrthóirí R&M Éireann Teo. an fógra seo a leanas i nuachtán Éireannach le haghaidh iasachtaí ó €20,000 go €50,000 go ceann trí bliana:

**AIRGEADAS AMAN TEO.**



***Iasachtaí Is Féidir Brath Orthu***

**Roinntear aisíocaíochtaí an chaipitil go cothrom ar feadh thréimhse na hiasachta**

***(e.g. Bheadh aisíocaíocht bhliantúil chaipitil de €15,000***

***ar iasacht €45,000 go ceann trí bliana.)***

**Ús 8% RCB (APR)**

**Comhthaobhacht De Dhíth**

Bheartaigh R&M Éireann Teo. cur isteach ar iasacht €45,000.

**(B)** (i) Luaigh **trí** phíosa eolais **seachas comhthaobhacht** nár mhór do R&M Éireann Teo. a sholáthar agus iad ag cur isteach ar iasacht.

(ii) Mínigh an téarma 'comhthaobhacht' agus tabhair sampla sa mhíniú.

(iii) Ríomh an t-ús iomlán a mbeidh ar R&M Éireann Teo. a íoc ar an iasacht €45,000 ó AIRGEADAS AMAN Teo. thar thréimhse na dtrí bliana.

(iv) Luaigh **dhá** <u>fhoinse fhadtéarmacha</u> airgeadais, **seachas iasachtaí**, a d'fhéadfadh R&M Éireann Teo. a úsáid. Mínigh **ceann amháin** de na foinsí fadtéarmacha airgeadais a luaigh tú.

(30)

**(40 marc)**

| 6. | **Ceist í seo a bhaineann le hÁrachas Gnó agus le Scríobh Tuarascála**. |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Déanann agus díolann SÓ BAILE Teo., Clár Chlainne Mhuiris, Co. Mhaigh Eo troscán tí agus cuireann siad seirbhís seachadta ar fud na tíre ar fáil. Is mian le stiúrthóirí SÓ BAILE Teo. a gcumhdach árachais a athbhreithniú agus cuireann siad an t-eolas seo a leanas faoin gcuideachta ar fáil.

Foirgnimh €800,000; innealra €400,000; veaineanna mótair €180,000; stoc troscáin agus ábhar €230,000; seasca fostaí atá ag SÓ BAILE Teo.

Lóisteálann siad airgead dhá uair sa tseachtain i mBanc na hÉireann atá cúig chiliméadar ar shiúl.

Ceapann na stiúrthóirí Bríd Ní Chonchúir, Comhairleoir Árachais, 13 Céide an Íseal-riosca, Gaillimh, chun comhairle a chur orthu maidir lena gcumhdach árachais.

**(A)** Cuir i gcás gur tusa Bríd Ní Chonchúir. I do fhreagarleabhar ullmhaigh tuarascáil dar dáta 9 Meitheamh 2015, agus leag amach freagraí ar cheisteanna (i), (ii) agus (iii) thíos a tharraing stiúrthóirí SÓ BAILE Teo. anuas.

Leag amach do thuarascáil agus na ceannteidil seo thíos ó theimpléad tuarascála in úsáid agat:

**TEIMPLÉAD TUARASCÁLA**: **CEANNTEIDIL**

| |
|---|
| **Ó**: |
| **GO**: |
| **TEIDEAL NA TUARASCÁLA**: |
| **DÁTA**: |
| **RÉAMHRÁ**: |
| **FREAGRAÍ AR CHEISTEANNA** (i), (ii) agus (iii) |
| **LE DÉANAMH INA DHIAIDH SEO**: |
| **SÍNIÚ**: |
| **TEIDEAL SCRÍBHNEOIR NA TUARASCÁLA**: |

(i) Luaigh cén fáth a bhféadfadh go mbeadh riosca neamh-inárachais. Bain úsáid as sampla chun do fhreagra a léiriú.

(ii) Luaigh cineál **amháin** árachais is gá a bheith ag an gcuideachta de réir dlí.

(iii) Luaigh **trí** chineál árachais ar chóir don chuideachta a cheannach, **seachas an cineál atá riachtanach de réir dlí in (ii) thuas agus árachas foirgneamh**.

Luaigh cúis **amháin** le gach cineál árachais a roghnaíonn tú.

(30)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'árachas leordhóthanach'.

(ii) Chuir SÓ BAILE Teo. luach €600,000 d'árachas ar a gcuid foirgneamh. Rinneadh damáiste de €200,000 de bharr dóiteáin. Ríomh méid an chúitimh a gheobhadh siad. Luaigh cúis **amháin** le do fhreagra.

(10)

**(40 marc)**

Leathanach Bán